Gx2565

OLLSCOIL NA hÉIREANN

GAILLIMH

DÁMHA NA nDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

ARD-DIOPLÓMA I gCUMARSÁID FHEIDHMEACH

SCRÚDUITHE NA BLIANA 1999 - 2000

SEIMEASTAR II

RAIDIÓ II

Pádraig Ó Héalaí
Rónán Ó Dubhthaigh
Fionn Ó Sealbhaigh
Uinsionn Mac Dubhghaill

Freagair Roinn A agus trí cheist as Roinn B.

Maidir le Roinn A : Beidh marc ar fáil do gach ceist a fhreagraítear i gceart, ach bainfear marc do gach ceist a fhreagaítear mícheart. Caithfear an leathanach scaoilte a ghabhann leis seo a úsáid i bhfreagairt na gceisteanna ilroghnacha seo ar fad. Má thugtar dhá fhreagra ar cheist is é an ceann mícheart a chuirfear san áireamh don mharcáil.

Maidir le Roinn B : Úsáid freagarleabhar ar leith do gach ceist.

Dhá uair an chloig a cheadófar.

Roinn A

Beidh marc ar fáil do gach ceist a fhreagraítear i gceart, ach bainfear marc do gach ceist a fhreagaítear mícheart. Caithfear an leathanach scaoilte a ghabhann leis seo a úsáid i bhfreagairt na gceisteanna ilroghnacha seo ar fad. Má thugtar dhá fhreagra ar cheist is é an ceann mícheart a chuirfear san áireamh don mharcáil.

1. Cé mheid nóiméad a fhagheann tú ar mhiondiosca nuair atá tú ag taiféad i mono?
   a) 74 noiméad
   b) 148 noiméad
   c) 37 nioméad
   d) 210 noiméad
   e) 90 noiméad

2. Cén duine sa phróiséas léiriú raidió ata i gceannas ar chiúáil téipeanna?
   a) Léiritheoir
   b) Láithreoir
   c) Tuairisceoir
   d) Meascóir fuaime
   e) Óibrí téipe

3. De réir Chód Cleachtais Cheardchumann na nIriseoirí, déanfaidh gach iriseoir tréaniarracht:
   a) Gan cur isteach ar iriseoirí eile.
   b) Gan cur isteach ar dhaoine mór-le-rá.
   c) Gan cur isteach ar an Rialtas.
   d) Gan cur isteach míchuí a dhéanamh ar dhaoine atá i ndiaidh gaol gairid a chailleadh, ach amháin nuair is "ar son an mhórleasa choitinn" é.
   e) Gan cur isteach michuí a dhéanamh ar dhaoine ata i ndiaidh gaol gairid a chailleadh, ach amháin nuair is "ar mhaithe leis an bhfirinne" é.

4. Nuair atá tú ag úsáid meascóir le ceamara ba chóir go mbeadh an t-ionchur ar:
   a) Mic
   b) Tel
   c) C.D.
   d) Line
   e) Chluaisíní

5. Maidir le nótáil dlúthcheirníníí san ord reatha ba cheart na nithe seo a leanas ar fad a nótáil:
   a) Raon, taobh, amhránaí, faid, uimhir na míre.
   b) Raon, , faid, uimhir na míre, amhránaí agus amhrán.
   c) Raon, luas, amhránaí, faid, uimhir na míre.
   d) Raon, faid, uimhir na míre deireadh an ceol, agus luas.
   e) Raon, amhrán.

6. Cén leibheál a shochraíonn tú ar an DAT sula dtosníonn tu ag taifead?
   a) 0dB
   b) 1kHz
   c) -18dB
   d) -96dB
   e) 25kHz

7. Nuair atá iriseoir ag fiosrú scéil taobh amuigh den oifig, ba chóir do
   a) Gan cur isteach ar an deasc nuachta
   b) Coinneáil i dteagmháil rialta leis an deasc nuachta
   c) Gach aon athrú ar an scéal a chur in iúl don deasc nuachta
   d) Gan leanacht leis an scéal má cheapann se nach fiú é
   e) Níos mó línte a scríobh ná mar a iarradh air a scríobh, ma cheapann sé gur fiú é

8. Cathain ar cheart comhaireamh síos ó deich le guth agus méarannaí?
   a) Ag tús an chláir amháin.
   b) Nuair is mian leat go mbeadh an foireann ar fad ar an eolas faoi phointe ama criticiúil.
   c) Ag deireadh an chláir.
   d) Nuair ata an láithreoir ag caint beo.
   e) Nuair nach bhfuil sé criticiúil go mbeadh ciúnas sa seomra stiúrtha.

9. Cén saghas maidhc a d'úsáidfeá chun dhá ghuth a thaifeadadh?
   a) Maidhc raidhfil
   b) Maidhc carabhat
   c) Maidhc ocht-chruthach
   d) Maidhc aontreoach
   e) Maidhc croíchruthach

10. Nuair a chuireann tú agallamh ar dhuine agus labhrann sé go doileir, ba cheart duit:
   a) An chaint a 'ghlanadh suas' d'fhonn crut níos sásúla a chur air
   b) An rud a mheasann tú atá á rá ag an duine a scríobh mar insint dhíreach
   c) Brí na cainte, faoi mar a fheictear duit féin é, a thabhairt mar insint indíreach
   d) An chuid sin den agallamh a sheachaint
   e) Soiléiriú a lorg ón duine féin, más cuid thábhachtach den agallamh é.

11. Nuair atá an script réitithe conas gur féidir fad na sainmhíre a mheas go hathcoimreach?
   a) Comhraigh na focail sa script agus roinn iad ar a trí.
   b) Comhraigh na leathanaigh agus tabhair dhá nóinéad do gach ceann.
   c) Cur an tsainmhír in eagar i dtosach ansin bain amach píosa de réir an ama atá agat
   d) Bíonn dhá oiread script ceangail is a bhíonn ábhair, áirigh fad an script ceangal agus cuir 1/3 sa bhreis leis.
   e) Úsáid stop uaireadóir

12. Tá láithreoir ar mhaidhc a h-aon agus aoi-chainteoir ar mhaidhc a trí; tá an laithreoir ag iarraidh leibhéal níos airde dá ghuth féin agus leibhéal níos ísle ón aoi-chainteoir, cén cnaipí a úsáidfeá ?
   a) Cas Aux 1 suas ar chainéal a h-aon, cas Aux 3 síos ar chainéal a trí.
   b) Cas Aux 3 suas ar chainéal a h-aon, cas Aux 1 síos ar chainéal a trí.
   c) Cas Aux 1 síos ar chainéal a h-aon, casAux 1 suas ar chainéal a trí.
   d) Cas Aux 1 suas ar chainéal a h-aon, cas Aux 1 síos ar chainéal a trí.
   e) Cas Aux 3 síos ar chainéal a haon, cas Aux 3 suas ar hainéal a trí.

13. Sa seomra nuachta, cuireann iriseoir a "chóip" ar aghaidh chuig:
   a) An tEagarthóir Nuachta
   b) An Rannóg Dlí
   c) An Príomh-fhoeagarthóir
   d) An tEagarthóir
   e) An tEagarthóir Ealaíne

14. As an liosta seo cad é an gnáth phróiseas ba ar cheart a leanúint i ndéantús sainmhre?
   a) Taighde, léiriú, eagarthóireacht.
   b) Socraithe praiticiúla, taighde, léiriú, eagarthóireacht.
   c) Léiriú, leagan amach, eagarthóireacht.
   d) Taighde, socraithe praiticiúla, leagan amach, léiriú, iarléiriú
   e) Taighde, ord reatha,socraithe praiticiúla, léiriú, iarléiriú.

15. Ar an maisín 4-raon, ca bhfaigheann raon a trí a chomhartha inchura?
   a) An taobh chlé den phríomh aschur
   b) Aux 3
   c) Cainéal a trí
   d) Cainéal a haon
   e) An taobh deas den phríomh aschur

16. Nuair a chuirtear agallamh ar dhuine
   a) Déanann an t-iriseoir taighde roimh ré ar chúlra an duine
   b) Scríobhann sé amach na freagraí a theastaíonn uaidh a chloisteáil
   c) Cuireann sé go leor ceisteanna 'dúnta'
   d) Ionsaíonn se tuairimí an duine, d'fhonn aisfhreagra bríomhar a spreagadh
   e) Ní dhéanann se aon taighde roimh ré, sa chaoi is nach mbeádh sé claonta.

17. Úsáidtear clog raidió le
   a) Faid chláir a mheas
   b) Míreanna an clár a leagan amach
   c) Chun críoch ceart a chur ar an gclár.
   d) Chún sraith cláracha a réamhléiriú.
   e) Le bheith cinnte go dtéann na fógraí amach in am.

18. Nuair a bhíonn tú ag déanamh taighde faoi chomhlacht ar leith, lorgaíonn tú an t-eolas ar fad ón:
   a) Idirlíon
   b) Oifigeach caidrimh phoibli an chomhlachta
   c) Iomaitheoirí an chomhlachta
   d) Iriseoirí eile
   e) Foinsí údarásacha éagsúla

19. I dtuairisc cúirte ba chóir duit:
   a) Gan ach an méid a deirtear sa chúirt a scríobh.
   b) Cúlra an scéil a thabhairt, mar áis don léitheoir.
   c) Cur síos a dhéanamh ar do chuid mothúchán faoin gcás.
   d) An fhírinne mar a fheictear duit féin a scríobh.
   e) An fhírinne mar a insíonn dlíodóir nó duine údarásach eile duit é.

20. Cén fáth a n-usáidfeá scagaire ardchuisle
   a) Le fáil réidh le sioschas
   b) Chun triobal a bhaint amach
   c) Chun dord agus fothrom iséal a bhaint amach
   d) Chun do chluasa a chosaint
   e) Chun an trealamh a chosaint

Roinn B

Dhá cheist le freagairt. Úsáid freagarleabhar ar leith do gach ceist.

1. Mínigh céim ar chéim conas agallamh dhá nóiméad a thaifeadadh ar mhiondiosca; conas an raon a ainmniú, eagarthóireacht a dhéanamh air, agus an raon a bhogadh.

2. Conas a thabharfá faoi shainmhír 10 nóiméad a dhéanamh ar an ábhar "Ag ól i nGaillimh"

3. Mínigh conas agallamh cuimsitheach a réiteach agus a chur. Sa bhfreagra, tagair d'aidhm an agallaimh, cineál na gceisteanna, struchtúr an agallaimh agus modh oibre an iriseora.

4. Sonraigh na nithe gur gá a chur san áireamh agus clár beo raidió á léiriú i stiúideó
a) roimh dhul ar aer agus
b) ó thús go deireadh an chroaladh.

5. Déan cur síos ginearálta ar chód cleachtais Cheardchumann na nIriseoirí. Déan anailís ar thionchar an chóid sin ar chaighdeán na hiriseoireachta in Éirinn agus ar an gcaoi a gcuirtear i bhfeidhm é. Tagair go speisialta do scéal na dteifeach le blianta beaga anuas.